C/2026/3001

2.6.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3001)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Bonnezeaux'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0926-AM04 — 16.3.2026

1. **Ainm an táirge**

'Bonnezeaux'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Bonnezeaux' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gceist leis;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Dá bhrí sin, measann údaráis na Fraince gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Lipéadú

Tuairisc

Chinn an grúpa táirgeoirí le haghaidh an ATFC 'Bonnezeaux' aonad geografach níos mó a úsáid chun na fíonta a ainmniú, is é sin an téarma 'Vin de Loire' ['Fíon an Loire'] a úsáid in ionad 'Val de Loire' ['Gleann an Loire'].

Leanann an fhorbairt sin na treoirlínte cumarsáide a ghlac táirgeoirí fhíonta Loire.

Is é an aidhm atá ann an chéannacht a dhéanamh níos soiléire agus í a ailíniú níos dlúithe le réaltacht na bhfíonta a dhéanann táirgeoirí in abhantrach an Loire.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíonta

'Bonnezeaux'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0926-AM04 — 16.3.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Bonnezeaux'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **An tríú tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

-

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Is fíonta geala socra iad sin a dhéantar as fíonchaora a bhuantar agus iad ró-aibí (tiúchan nádúrtha ar an bhfíniúin, bíodh lobhadh uasal uirthi nó ná bíodh). Bíonn dath órga éadrom orthu lena mbaineann imireacha glasa.

Dea-bholadh

Bíonn milseacht mhór le brath ar na fíonta, arb é méid ard siúcra choipthigh is cúis léi; agus bíonn sin ann in éineacht le torthúlacht a bhíonn casta go minic (torthaí tromaithe, torthaí andúchasacha, bláthanna geala, etc.).

Blas

Cuireann an chothromaíocht idir aigéadacht, alcól agus ungthacht ar a gcumas do na fíonta castacht níos mó fós a fháil i gcaitheamh na mblianta. Bíonn tóir ar na fíonta mar gheall ar an bhfuinneamh a bhaineann leo.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	25
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Baineann na saintréithe seo a leanas leis na fíonta: neart alcóil nádúrtha íosta 15 % de réir toirte; méid siúcra coiptheach (glúcós agus fruchtós) 51 ghram in aghaidh an lítir ar a laghad tar éis an choipthe. Tar éis an choipthe, fíonta a mbíonn neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos lú ná 18 % acu, bíonn neart alcóil iarbhír 11 % de réir toirte acu. Tá an cion iomlán aigéadachta agus an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair mar a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

-

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas sonrach fíoneolaíoch

Tuairisc

Ceadaítear saibhriú faoi na rialacha a leagtar amach sa tsonraíocht. Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid. Ní mór na fíonta a thabhairt chun cineáil go dtí an 15 Márta den chéad bhliain eile tar éis na buana ar a laghad. Anuas ar na forálacha thuasluaite, is gá go gcomhlíonann na cleachtais fíoneolaíochta a bhaineann leis na fíonta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí.

Cleachtas fíoneolaíoch

Dlús

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Níor cheart spásáil idir na sraitheanna fíniúna a bheith níos mó ná 2,50 méadar, agus ba cheart spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,90 méadar ar a laghad. Féadfar an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a úsáid le haghaidh bhuain na ndáileachtaí físonghoirt i gcás ina mbeidh an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna faoi bhun 0,90 méadar ach gan bheith níos lú ná 0,80 méadar agus ina mbeidh géire na fána níos mó ná 10 %. I gcás ina bhfuil dlús plandaithe 3 300 planda in aghaidh an heicteáir ar a laghad ach níos lú na 4 000 planda in aghaidh an heicteáir sna dáileachtaí físonghoirt, tá an bhuaint incháilithe don ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ar choinníoll go gcomhlíontar na rialacha maidir le treilísiú agus airde duilliúir a leagtar síos sa tsonraíocht seo. Níor cheart an spásáil idir na sraitheanna fíniúnacha a bheith níos mó ná 3 mhéadar, agus ní mór 1 mhéadar amháin ar a laghad a bheith sa spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna.

Cleachtas físoneolaíoch

Prúnáil

Cineál an chleachtais fhísoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Prúnáiltear na fíniúnacha agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist, trí úsáid a bhaint as an modh prúnála cána, prúnála spoir nó prúnála measctha. Ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog (bachlóga aonair), ní ceart an líon géag ar a bhfuil torthaí le haghaidh na bliana in aghaidh an phlanda a bheith níos mó ná 10.

Cleachtas físoneolaíoch

An bhuain

Cineál an chleachtais fhísoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Buantar na físonchaora de láimh in iarrachtaí iomadúla.

Cleachtas físoneolaíoch

Uisciú

Cineál an chleachtais fhísoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Ní cheadaítear uisciú.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach físon / catagóir / cineál

Físonta geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	30
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha físonchaor óna dtáirgtear an físon nó na físonta**

— Chenin B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

1. *Limistéar geografach*

Tarlaíonn gach céim den táirgeadh sa limistéar geografach ina n-áirítear an bardas seo a leanas den roinn Maine-et-Loire, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021: Bellevigne-en-Layon (críoch bhardas tarmligthe Thouarcé amháin).

Is féidir breathnú ar léarscáileanna a thaispeánann an limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

1. Faisnéis maidir leis an limistéir geografach

a) Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Luíonn an limistéar geografach i gcroílár réigiún fíonsaothrúcháin Anjou, agus in 2021 bhí sé teoranta do bhardas tarmligthe Thouarcé. Tá an bardas lonnaithe i roinn Maine-et-Loire agus déanann Abhainn Layon dhá chuid de. Tá sráidbhaile Bonnezeaux crochta go hard ar fhána ghéar ar bhruach deas na habhann. Is cosúil go dtagraíonn an t-ainm 'Bonnezeaux' d'fhoinsí uisce mheirgigh. Fásann na fíonghoirt ar thrí fhána atá ina suí taobh le chéile agus a bhfuil a n-aghaidheanna siar ó dheas. Tugtar 'La Montagne', Beauregard' agus 'Fesles' orthu agus is sráice 2 800 méadar ar fad agus 500 méadar ar leithead iad. Is ionann géire na bhfánaí sin agus thart ar 15 % go 20 %. Tá sé suntasach go háirithe ar thaobh thiar 'Beauregard' agus ar an bhfána sa lár, ar a dtugtar 'La Montagne' go cuí, a thosaíonn gar don sráidbhaile Petit Bonnezeaux. Taobh ó thuaidh de na trí fhána chríochaithe tá ardchlár beagán droimneach ag a bhfuil meán-airde 90 m. Ritheann Abhainn Layon ag airde 29 méadar. Baineann an fostratam geolaíoch leis an tsraith Saint-Georges-sur-Loire, ar coimpléasc siosta agus gaineamhchloiche é a théann siar go dtí an tréimhse Ordaivíseach déanach – Dheavónach luath. In amanna bíonn sé faoi fhoirmíochtaí gairbhéalacha-créúla nó gainmheacha-créúla na tréimhse Ceineamánaí, ar fhána 'Fesles' go háirithe. Tá an bonnlach slinntiúil le feiceáil anois mar gheall ar chreimeadh, ach tá an gaineamh agus an chré fós ar chúl an fhána agus ar an ardchlár. Dá thoradh sin, tá na dáileachtaí talún atá críochaithe go beacht le haghaidh bhuain na bhfíonchaor réasúnta tanaí agus lán le bloghanna garbha. Tá dath idir glas agus liath orthu agus uaireanta bíonn sé cosúil le dath moirte fíona. Bíonn cúltaiscí uisce faoi 100 mm acu agus inniúlacht draenála den scoth. Tá aeráid aigéanach mhaolaithe ag an limistéar geografach agus uisciú teoranta. Tugann fánaí níos airde Choletais agus Mauges foscadh dó ó cheo na mara. Níl foscadh ag na fánaí ar an ngnáthghaoth aniar aneas agus aniar. Bíonn an bháisteach bhliantúil idir 550 mm agus 600 mm a bheag nó a mhór, i gcomparáid le breis agus 800 mm ar fhánaí Choletais agus Mauges. Bíonn an bháisteach le linn thimthriall fáis na fíniúna thart ar 100 mm níos ísle ná an meán sa roinn. Fásann flóra an deiscirt de ghnáth ar na fánaí sin go sonrach mar gheall ar a dtuire mheasartha agus ar theochtaí a bhíonn níos airde ná mar a bhíonn sna limistéir máguaird.

b) Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc geografach

Is suíomh é Bonnezeaux atá an-oiriúnach don chineál Chenin B, ar dócha gur ó réigiún Anjou a thagann sé. Cineál crua is ea é a léiríonn a chumas i ndálaí ithreach dúshlánacha. D'aithin táirgeoirí go sciobtha na tairbhí a bhaineann leis an gcineáil sin a bhuain go déanach agus teicnící sonracha á n-úsáid acu. Scríobh Cunta Odart an méid seo a leanas ina thráchtas ar fhíonta 'Traité des cépages' in 1845: 'Ba cheart dúinn coinníoll a chur leis gan na fíonchaora a bhuain go thart ar Lá Fhéile na Naomh Uile, nuair a bhíonn na fíonchaora ró-aibí agus a gcraiceann morgthach tar éis don bháisteach é a dhéanamh bog.' I bhfocail eile, is gnáth go ndéantar buain dhéanach. Ina shaothar ó 1816 'Topographie de tous les vignobles connus', luaigh Jullien an méid seo: 'Le haghaidh na blianta fíona maithe, téann na bainteoirí fíonchaor trí na fíniúnacha roinnt uaireanta; ní úsáidtear na fíonchaora a bhuantar sa chéad dá iarracht ach le haghaidh na bhfíonta is aibí amháin, arb iad sin na fíonta a onnmhairítear, agus úsáidtear na fíonchaora ón tríú iarracht le haghaidh fíonta a thomhaltar sa Fhrainc.' De thoradh na dtorthaí agus na n-anailísí a rinne roinnt glúnta táirgeoirí, tá fíonta 'Bonnezeaux' i measc na bhfíonta is fearr in Anjou. Deirtear i sliocht as an aistriúchán Fraincise,

dar teideal 'Nouvelle Géographie Universelle' ar *A New Geographical, Historical, and Commerical Grammar* le tíreolaí na Breataine William Guthrie (1708-1770), arna foilsiú in 1802: 'Is féidir fíonta Anjou a roinnt ina dtrí aicme. Tagann siad siúd sa chéad aicme ó na sráidbhailte Faye, Saint-Lambert, Rablé, Maligny, Chavagne agus Thouarcé, limistéar ina mbíonn fíonghoirt Bonnezeaux.' Rinneadh go leor tagairtí do na fíonghoirt mór le rá sin ó shin. Chuir an ghéarchéim fiollocsaeire srian mór lena bhfás, agus níor lean ach margadh áitiúil amháin le glacadh soláthairtí a ghlacadh. Mar gheall ar thromiarrachtaí cheardchumann tháirgeoirí 'Bonnezeaux', ar theastaigh uathu táirgeachtaí a choimeád íseal agus an cleachtas fíonchaora a bhuain in iarrachtaí iomadúla a choinneáil ar bun, bhí tóir ar an bhfíon arís sa Fhrainc sular onnmhairíodh ar an gcoigríoch é arís. Aithníodh ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Bonnezeaux' ar an 6 Samhain 1951.

2. Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge

Bíonn tóir ar na fíonta mar gheall ar an bhfuinneamh a bhaineann leo. Bíonn milseacht mhór le brath ar na fíonta, arb é méid ard siúcra choipthigh is cúis léi; agus bíonn sin ann in éineacht le torthúlacht a bhíonn casta go minic (torthaí tromaithe, torthaí andúchasacha, bláthanna geala, etc.) agus b'fhéidir nach mbíonn coinne lena leithéid mar gheall ar ghnáthdhath órga éadrom na bhfíonta lena mbaineann imireacha glasa. Cuireann an chothromaíocht idir aigéadacht, alcól agus ungthacht ar a gcumas do na fíonta castacht níos mó fós a fháil i gcaitheamh na mblianta.

3. Idirghníomhaíochtaí cúisíocha

Na fíonghoirt sin, gona bhfánaí ag a bhfuil aghaidheanna siar ó dheas agus ithreacha éadoimhne agus clochacha ag a bhfuil airíonna teirmeacha eisceachtúla, bíonn siad fabhrach don bhfás luath agus d'aibiú chineál Chenin B. De thoradh na gnáthgaoithe a shíobann na fánaí agus sholáthar uisce an-íseal na bhfíonghort a fhásann ar chnámhithir, dlúthaítear na fíonchaora ar an bhfíniúin trí sleabhcadh nó triomú, ar rud é atá ina shaintréith de na fíonghoirt sin. Rinne na táirgeoirí a ndícheall leis an tsainiúlacht sin. Léiríonn na táirgeachtaí an-íseal a thiomanta a bhíonn na táirgeoirí do cháilíocht na bhfíonchaor. Is mar gheall ar bhuain dhéanach fhíonchaor Chenin B ar fhánaí Bonnezeaux atá clú breá ar fhíonta 'Bonnezeaux' agus déantar an bhuaint sin d'iarrachtaí iomadúla chun fíonchaora an-aibí a roghnú. Tá dlúthcheangal idir stair agus cáil fhíonta 'Bonnezeaux' agus fíonta de chuid Anjou agus fíonta 'Coteaux du Layon'.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Tá an limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag an maolú maidir le fíonsaothrúchán, táirgeadh agus aosú na bhfíonta, déanta de chríoch na mbardas seo a leanas de roinn Maine-et-Loire, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021: Aubigné-sur-Layon, Beaulieu-sur-Layon, Bellevigne-en-Layon (críoch bhardais tarmligthe Champ-sur-Layon, Faveraye-Mâchelles, Faye-d'Anjou agus Rablay-sur-Layon amháin), Blaison-Saint-Sulpice, Brissac Loire Aubance (críoch bhardais tarmligthe Alleuds, Brissac-Quincé, Charcé-Saint-Ellier-sur-Aubance, Luigné, Saint-Rémy-la-Varenne, Saint-Saturnin-sur-Loire, Saulgé-l'Hôpital agus Vauchrétien amháin), Brossay, Chalonnes-sur-Loire, Chaudefonds-sur-Layon, Chemillé-en-Anjou (críoch bhardais tarmligthe Chanzeaux agus Valanjou amháin), Denée, Doué-en-Anjou (críoch bhardais tarmligthe Brigné amháin), Les Garennes-sur-Loire, Lys-Haut-Layon (críoch bhardais tarmligthe Tigné amháin), Mozé-sur-Louet, Mûrs-Erigné, Rochefort-sur-Loire, Saint-Melaine-sur-Aubance, Savennières, Soulaines-sur-Aubance, Terranjou, Val-du-Layon.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú: téarmaí roghnacha

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Na téarmaí roghnacha uile, a bhféadfaidh na Ballstáit a n-úsáid a rialú faoi rialacha an Aontais, déantar iad a mharcáil ar na lipéid i litreacha nach mó, ar airde, ar túis ná ar leithead, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú: ainmniúchán geografach 'Vin de Loire' ['fíon an Loire']

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní bheidh méid litreacha an ainmniúcháin gheografaigh 'Vin de Loire' ['fíon an Loire'], níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Lipéadú: aonad geografach níos lú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfar aonad geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— is suíomh cláraithe é;

— tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Ní fhéadfadh na litreacha a úsáidfear chun ainm na háite a phriontáil a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná leath de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-c7e177a3-79d3-4a75-a084-381e48db0fb6